Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13699/21**

**ECOFIN 1067**
**STATIS 48**
**UEM 338**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13047/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo conclúidí 2021 ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, mar a d'fhormheas an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an 3822ú cruinniú a bhí aici an 9 Samhain 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh**

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos roimhe seo sna conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2020, maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir leis an Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA), agus aird á tabhairt ar na treoirlínte polaitiúla don Choimisiún sna blianta 2019-2024, na riachtanais staidrimh is bun leis an rialachas eacnamaíoch, agus an staid eisceachtúil in 2021 maidir le COVID19, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus don fhaireachas ar mhíchothromaíochtaí mhaicreacnamaíocha, agus don staidreamh struchtúrach.

**An fhreagairt staidrimh ar COVID-19**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle réamhghníomhaíocht agus freagrúlacht an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE) agus an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC), agus mar a d'áirithigh siad gur leanadh de staidreamh oifigiúil ar ardchaighdeán a fhoilsiú faoin spriocdháta, mar fhreagairt ar riachtanais úsáideoirí a bhí ann cheana agus riachtanais úsáideoirí nua, d'ainneoin an tionchair leanúnaigh atá ag paindéim COVID-19 ar tháirgeadh staidrimh le linn 2021.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle, go háirithe, forbairt Dheais Staidrimh an Téarnaimh, a chuireann Eurostat amach go míosúil agus ina gcumhdaítear táscairí atá an-ábhartha chun treochtaí eacnamaíocha agus sochaíocha a rianú sa chéim téarnaimh ó COVID-19.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle go bhfuil staidreamh nua an-ábhartha á fhorbairt go leanúnach ag CSE, ar bhonn turgnamhach go minic, dá raibh rochtain ar fhoinsí nua sonraí agus forbairt teicnící nua staidrimh bunriachtanach. Sa chomhthéacs sin, ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle a thábhachtaí atá sé rochtain mhéadaithe leanúnach a bheith ag táirgeoirí staidrimh oifigiúil – ar fhoinsí riaracháin agus ar fhoinsí nua sonraí.

Ina theannta sin, MOLANN an Chomhairle don CSE leanúint de fhoinsí nua sonraí agus teicneolaíochtaí nua a fhiosrú agus modhanna nuálacha a cheapadh chun staidreamh Eorpach ardchaighdeáin agus níos mionsonraithe a tháirgeadh níos tapúla. Go háirithe, TACAÍONN an Chomhairle leis an tuairim gur cheart do CSE dlús a chur leis na gníomhaíochtaí agus leis an gcur chuige lena ndírítear ar thráthúlacht an staidrimh oifigiúil a fheabhsú, agus ag an am céanna critéir cháilíochta eile an Chreata Dearbhaithe Cáilíochta a choimeád ar bun.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle rannpháirtíocht agus iarrachtaí Eurostat, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun treoir a thabhairt maidir leis na gnéithe staidrimh a bhaineann le roinnt beart beartais, go háirithe bearta tacaíochta gnó agus fostaíochta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, na tionscnaimh sa chlár ‘Next Generation EU’, agus go háirithe an Ciste Téarnaimh agus Athléimneachta. IARRANN an Chomhairle go leathnófaí na cuntais staidrimh d’institiúidí an Aontais Eorpaigh chun tionchar na dtionscnamh sin ar an staidreamh a léiriú.

**Acmhainní le haghaidh staidrimh**

AITHNÍONN an Chomhairle go gcaithfear a áirithiú go mbeidh acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanach do Eurostat agus d’Údaráis Staidrimh Náisiúnta, chun go mbeidh siad in ann leas breise a bhaint as foinsí nua sonraí agus as teicneolaíochtaí digiteacha chun staidreamh oifigiúil níos tráthúla agus níos mionsonraithe a tháirgeadh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chomhlíonfaidh na ceanglais sonraí atá ag athrú go tapa agus a bhaineann leis an gclaochlú digiteach, leis an aistriú glas agus leis an athrú aeráide, chomh maith le toradh na paindéime.

**Rochtain ar shonraí chun críocha staidrimh**

TUGANN AN CHOMHAIRLE DÁ hAIRE páipéar seasaimh CSE maidir leis an togra a bheidh ann amach anseo maidir leis an Ionstraim um Rialachas Sonraí. TÁ AN CHOMHAIRLE AG TNÚTH leis an togra le haghaidh na hIonstraime um Rialachas Sonraí atá le teacht mar dheis chun rochtain inbhuanaithe agus bunaithe go dlíthiúil ar shonraí atá á sealbhú go príobháideach a bhunú chun críocha staidrimh oifigiúil.

Sa chomhthéacs sin, MOLANN an Chomhairle DO CSE – i ndlúthchomhar le CEBC – leanúint leis ar an mbealach chun úsáid foinsí nua sonraí a chumasú, ón earnáil phríobháideach den chuid is mó ach ó fhoinsí riaracháin freisin, chun feabhas a chur ar fhaisnéis staidrimh a mbeadh spéis mhór ag an bpobal ann aici trí thráthúlacht mhéadaithe agus gráinneacht níos téamaí agus níos réigiúnaí i dtaca le sonraí staidrimh, lena n-áirítear staidreamh turgnamhach.

**Staidreamh i ndáil leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle torthaí Eurostat maidir le táscairí staidrimh a sholáthar mar aon le faisnéis chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus MOLANN SÍ do Eurostat leanúint de bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit i mbun faireachán ar an dul chun cinn chun na SDGanna a bhaint amach.

Is DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag CSE chun freastal ar na héilimh faisnéise atá ag teacht chun cinn ó thosaíocht an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i réimsí an staidrimh fuinnimh, an staidrimh a bhaineann leis an athrú aeráide, na gcuntas eacnamaíoch comhshaoil, an staidrimh iompair agus an airgeadais inbhuanaithe. Is DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle go bhforbróidh BCE, mar chuid dá phlean gníomhaíochta chun breithnithe maidir leis an athrú aeráide a chur san áireamh ina straitéis beartais airgeadaíochta, táscairí turgnamhacha nua d'ionstraimí airgeadais glasa agus lorg carbóin na n-institiúidí airgeadais, chomh maith lena neamhchosaintí ar riosca fisiciúil a bhaineann leis an athrú aeráide, i gcomhréir leis an dul chun cinn atá déanta maidir le beartais agus tionscnaimh an Aontais i dtaca le nochtadh agus tuairisciú inbhuanaitheachta comhshaoil. MOLANN an Chomhairle go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar tháscairí tráthúla a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar fhorais dlí, agus an t-ualach ar údaráis náisiúnta staidrimh á chur san áireamh.

**Tuarascáil Stádais 2021 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA**

TUGANN AN CHOMHAIRLE DÁ hAIRE an méid a bhfuil cur síos air sa Tuarascáil Stádais 2021 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA. Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas, go háirithe:

IS MÓR AICI gur cuireadh tuilleadh feabhais ar chuimsiú tíortha, tráthúlacht, fad na n-amshraitheanna, agus cáilíocht fhoriomlán na bPríomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha.

CUIREANN SÍ I dTREIS an ról tábhachtach atá ag Príomhtháscairí Eacnamaíocha Eorpacha i gcónaí mar bhonn chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha gearrthéarmacha agus TÁ SÍ AG TNÚTH le tuilleadh dul chun cinn chun na bearnaí atá fós ann a dhúnadh.

Maidir leis na cuntais náisiúnta, TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE go bhfuil athbhreithniú meántéarma leanúnach á dhéanamh ar Chlár Tarchurtha CCE 2010, agus MOLANN SÍ an feabhas breise a fheictear le hinfhaighteacht agus comhsheasmhacht sonraí cuntas náisiúnta.

**Staidreamh réadmhaoine chun críocha macrastuamachta agus eile**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na tionscnaimh atá ar bun ag an gCóras Staidrimh Eorpach (CSE) agus ag an gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le coincheapa a fhorbairt agus leis an obair phraiticiúil maidir le táscairí réadmhaoine tráchtála. MOLANN an Chomhairle do CSE agus do CEBC araon leanúint orthu den tábhacht agus den phráinn is gá a thabhairt don tsaincheist seo.

**Costais tithíochta agus boilsciú**

AITHNÍONN an Chomhairle an measúnú ó BCE gurb é an t-innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) an t-innéacs iomchuí chun cuspóir BCE maidir le cobhsaíocht praghsanna don limistéar euro a chainníochtú. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an moladh ó BCE go n-áireofaí, i gcur chuige céim ar chéim, an costas a bhaineann le tithíocht úinéir áitithe in ICPT bunaithe ar 'chur chuige na fála glaine'. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an plé atá ar siúl faoi láthair laistigh de CSE agus de CEBC chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an méid a chuireann na costais tithíochta leis an mboilsciú.

**Staidreamh faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha (MIP)**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle dearbhú cáilíochta an staidrimh atá mar bhonn ag MIP, agus IS MÓR AICI tuarascáil measúnaithe cáilíochta bhliantúil CSE-CEBC ar an staidreamh is bonn do MIP ó Eurostat agus ón mBanc Ceannais Eorpach, Á TABHAIRT DÁ hAIRE na gníomhaíochtaí a sainaithníodh inti.

ATHDHEARBHAÍONN an Chomhairle a hiarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear faoi bhráid Eurostat gach sonra staidrimh is gá chun tagarmharc caiteachais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sonraí i dtaca le hioncam rialtais i bhfoirm cistiú ón Aontas.

**Staidreamh déimeagrafach agus réamh-mheastacháin daonra**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle obair Eurostat maidir le réamh-mheastacháin daonra agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE go háirithe gur foilsíodh réamh-mheastacháin réigiúnacha an daonra ina dtugtar léargas níos mionsonraithe ar aosú an daonra agus ar an éagsúlacht chríochach.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur scaoileadh i gcónaí sonraí maidir le mortlaíocht mhínormálta, lena gcuirtear an lucht déanta beartas agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi mhéid agus faoi thionchar phaindéim COVID-19 ar shochaithe na hEorpa, agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta chun na meastacháin shealadacha ar ionchas saoil tráth breithe do 2020 a scaoileadh geall le bliain níos luaithe ná mar a rabhthas ag súil leo.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an tionscnamh nua ón gCoimisiún maidir le staidreamh Eorpach daonra arb é is aidhm dó creat dlíthiúil comhtháite nua a mholadh don staidreamh sin faoi lár na bliana 2022 agus MOLANN SÍ DO na Ballstáit leas a bhaint, a mhéid is féidir, as na foinsí riaracháin agus as cláir atá ann cheana féin chun an staidreamh sin a thiomsú.

**Staidreamh sóisialta**

IS MÓR AG an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh i dtaobh nuachóiriú an staidrimh shóisialta chun freagrúlacht do riachtanais úsáideoirí a mhéadú le leibhéal tráthúlachta, stóinseachta, ábharthachta agus éifeachtúlachta lena dtugtar lántacaíocht do thosaíochtaí beartais, go háirithe Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus chun inchomparáideacht agus comhleanúnachas staidreamh sóisialta an Aontais a fheabhsú a thuilleadh.

IS MÓR AG an gComhairle an tionscnamh maidir le sonraí mhargadh an tsaothair do ghnólachtaí, agus cur chun feidhme an Chreata Chomhtháite Eorpaigh um Staidreamh Sóisialta.

**Staidreamh gnó agus domhandú**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle go bhfuil feabhas á chur i gcónaí ar staidreamh gnó Eorpach tríd an Rialachán maidir le staidreamh gnó Eorpach a chur chun feidhme, lena n-áirítear cuimsiú níos fearr a dhéanamh ar FBManna sa Staidreamh Struchtúrach Gnó, staidreamh breise agus staidreamh níos minice do sheirbhísí, sonraí níos mionsonraithe don trádáil idirnáisiúnta (go háirithe don trádáil i seirbhísí), agus an digiteáil a thomhas ar bhealach níos fearr.

AITHNÍONN an Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an nGeilleagar Comhoibríoch a thomhas nuair a d’fhoilsigh Eurostat na chéad sonraí maidir le cóiríocht ghearrfhanachta a cuireadh in áirithe trí bhíthin ceithre ardán phríobháideacha, bunaithe ar chomhaontú cinniúnach chun comhoibriú le ríomh-ardáin do sheirbhísí cóiríochta agus chun a gcuid sonraí a úsáid chun staidreamh nua turasóireachta a ghiniúint.

ADMHAÍONN an Chomhairle an obair a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an domhandaithe i ndáil le staidreamh, agus a bhuí chomh maith leis an gcomhar feabhsaithe laistigh de CSE agus den Chóras Eorpach Banc Ceannais agus eatarthu freisin. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an machnamh atá á dhéanamh faoi láthair maidir leis an mbealach chun comhroinnt na faisnéise ábhartha idir tiomsaitheoirí staidrimh a éascú a thuilleadh.

CUIREANN an Chomhairle CHUN SUNTAIS go gcaithfear úsáid nascadh micreashonraí a éascú laistigh den staidreamh gnó, feabhas a chur ar an rochtain ar thaifid riaracháin agus úsáid foinsí nua a cheadú lenar cheart an t-ualach ar ghnó a laghdú.

**Cáilíocht agus aicmithe**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE seoladh an tríú babhta d'Athbhreithnithe Piaraí arna ndéanamh ag CSE agus ag a chuid institiúidí, agus IS DÓIGH LÉI go ndéanfar na moltaí a thiocfaidh as sin a chur chun cinn chun comhlíonadh Chód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh a fheabhsú agus chun cáilíocht an staidrimh Eorpaigh a fheabhsú.

MOLANN an Chomhairle DO CSE leanúint dá athbhreithniú ar aicmithe staidrimh tionscal agus táirgí agus an t-athbhreithniú sin a thabhairt chun críche, i gcomhar iomlán leis na geallsealbhóirí ábhartha, ionas go mbeidh siad mar bhonn do staidreamh níos ábhartha agus níos mionsonraithe amach anseo.